ISSN 1977-107X

**Eagrán Speisialta ***
**17 Samhain 2011**

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

*Leathanach*

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)**

Fógra do léitheoirí maidir leis an gcomórtas oscailte EPSO/AST/117/11 — Cúntóirí (AST 1) i réimse na rúnaíochta .......... 1

Fógra comórtais oscailte EPSO/AST/117/11 .......... 5

GA

**Praghas:**
**EUR 3**

Faoin tagairt C 336 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA DO LÉITHEOIRÍ MAIDIR LEIS AN gCOMÓRTAS OSCAILTE EPSO/AST/117/11

**Cúntóirí (AST 1) i réimse na rúnaíochta**

(2011/C 336 A/01)

**BG:** Европейската служба за подбор на персонал (EPSO) организира конкурс на общо основание

**EPSO/AST/117/11 — Асистенти (AST 1) в областта на секретарските услуги за следните езици:**

**гръцки (EL), английски (EN), естонски (ET), фински (FI), френски (FR), ирландски (GA), унгарски (HU) и италиански (IT)**

Допълнителна информация е поместена на уебсайта на EPSO http://eu-careers.eu.

**ES:** La Oficina Europea de Selección de Personal (EPSO) organiza la siguiente oposición general:

**EPSO/AST/117/11 — Asistentes (AST 1) de secretaría para las siguientes lenguas:**

**GRIEGO (EL), INGLÉS (EN), ESTONIO (ET), FINÉS (FI), FRANCÉS (FR), IRLANDÉS (GA), HÚNGARO (HU) E ITALIANO (IT)**

Para mayor información, consúltese la página web de EPSO http://eu-careers.eu.

**CS:** Evropský úřad pro výběr personálu (EPSO) pořádá následující otevřené výběrové řízení:

**EPSO/AST/117/11 – Asistenti (AST 1) pro sekretářské práce pro tyto jazyky:**

**řecký (EL), anglický (EN), estonský (ET), finský (FI), francouzský (FR), irský (GA), maďarský (HU), italský (IT)**

Veškeré informace jsou k dispozici na internetové stránce úřadu EPSO http://eu-careers.eu.

**DA:** Det Europæiske Personaleudvælgelseskontor (EPSO) afholder almindelig udvælgelsesprøve:

**EPSO/AST/117/11 — Assistenter (AST 1) til varetagelse af sekretariatsfunktioner med følgende sprog:**

**Græsk (EL), engelsk (EN), estisk (ET), finsk (FI), fransk (FR), irsk (GA), ungarsk (HU) og italiensk (IT)**

Yderligere oplysninger findes på EPSO's hjemmeside http://eu-careers.eu

**DE:** Das Europäische Amt für Personalauswahl (EPSO) führt das folgende allgemeine Auswahlverfahren durch:

**EPSO/AST/117/11 — Assistenten (AST 1) im Bereich Sekretariatstätigkeiten für folgende Sprachen:**

**Griechisch (EL), Englisch (EL), Estnisch (ET), Finnisch (FI), Französisch (FR), Irisch (GA), Ungarisch (HU), Italienisch (IT)**

Weitere Informationen finden sich auf der EPSO-Webseite http://eu-careers.eu.

**ET:** Euroopa Personalivaliku Amet (EPSO) korraldab järgmise avaliku konkursi:

**EPSO/AST/117/11 — Assistendid (AST 1) sekretäritöö valdkonnas järgmistes keeltes:**

**(EL) kreeka, (EN) inglise, (ET) eesti, (FI) soome, (FR) prantsuse, (GA) iiri, (HU) ungari, (IT) itaalia.**

Lisateave on esitatud EPSO veebilehel http://eu-careers.eu

**EL:** Η Ευρωπαϊκή Υπηρεσία Επιλογής Προσωπικού (EPSO) διοργανώνει τον γενικό διαγωνισμό:

**EPSO/AST/117/11 — Βοηθοί (AST 1) στον τομέα της γραμματείας στις ακόλουθες γλώσσες:**

**ελληνικά (EL), αγγλικά (EN), εσθονικά (ET), φινλανδικά (FI), γαλλικά (FR), ιρλανδικά (GA), ουγγρικά (HU), ιταλικά (IT)**

Περισσότερες πληροφορίες δημοσιεύονται στον ιστότοπο της EPSO στην ηλεκτρονική διεύθυνση http://eu-careers.eu.

**EN:** The European Personnel Selection Office (EPSO) is organising open competition

**EPSO/AST/117/11 — Assistants (AST 1) in the secretarial field for the following languages:**

**(EL) Greek, (EN) English, (ET) Estonian, (FI) Finnish, (FR) French, (GA) Irish, (HU) Hungarian, (IT) Italian**

Further details can be found on the EPSO website: http://eu-careers.eu

**FR:** l’Office européen de sélection de personnel (EPSO) organise le concours général:

**EPSO/AST/117/11 — Assistants (AST 1) dans le domaine du secrétariat pour les langues suivantes:**

**grec (EL), anglais (EN), estonien (ET), finnois (FI), français (FR), irlandais (GA), hongrois (HU) et italien (IT)**

Des informations complémentaires se trouvent sur le site d’EPSO (http://eu-careers.eu).

**GA:** Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú an chomórtais oscailte seo a leanas:

**EPSO/AST/117/11 — Cúntóirí (AST 1) i réimse na rúnaíochta sna teangacha seo a leanas:**

**(EL) Gréigis, (EN) Béarla, (ET) Eastóinis, (FI) Fionlainnis, (FR) Fraincis, (GA) Gaeilge, (HU) Ungáiris, (IT) Iodáilis**

Tá tuilleadh faisnéise ar shuíomh gréasáin EPSO: http://eu-careers.eu

**IT:** L’Ufficio europeo di selezione del personale (EPSO) organizza il concorso generale:

**EPSO/AST/117/11 — Assistenti (AST 1) nel settore del segretariato per le lingue seguenti:**

**greco (EL), inglese (EN), estone (ET), finlandese (FI), francese (FR), irlandese (GA), ungherese (HU) e italiano (IT)**

Ulteriori informazioni sono disponibili sul sito dell’EPSO all’indirizzo (http://eu-careers.eu).

**LV:** Eiropas Personāla atlases birojs (*EPSO*) rīko atklāto konkursu:

**EPSO/AST/117/11 – asistenti (AST 1) sekretariāta jomā šādām valodām:**

**grieķu valoda (EL), angļu valoda (EN), igauņu valoda (ET), somu valoda (FI), franču valoda (FR), īru valoda (GA), ungāru valoda (HU), itāļu valoda (IT).**

Sīkāka informācija atrodama *EPSO* tīmekļa vietnē http://eu-careers.eu.

**LT:** Europos personalo atrankos tarnyba (EPSO) rengia viešą konkursą:

**EPSO/AST/117/11 — Šių kalbų asistentai (AST 1) sekretoriato srityje:**

**graikų (EL), anglų (EN), estų (ET), suomių (FI), prancūzų (FR), airių (GA), vengrų (HU), italų (IT)**

Papildomos informacijos galima rasti EPSO interneto svetainėje http://eu-careers.eu.

**HU:** Az Európai Személyzeti Felvételi Hivatal (EPSO) az alábbi nyílt versenyvizsgát szervezi:

**EPSO/AST/117/11 – Asszisztensek (AST 1) titkári feladatok ellátására a következő nyelveken:**

**görög (EL), angol (EN), észt (ET), finn (FI), francia (FR), ír (GA), magyar (HU), olasz (IT).**

További információk az EPSO honlapján találhatók: http://eu-careers.eu

**MT:** L-Uffiċċju Ewropew għas-Selezzjoni tal-Persunal (EPSO) qed jorganizza l-kompetizzjoni ġenerali li ġejja:

**EPSO/AST/117/11 — Assistenti (AST 1) fil-qasam tas-segretarjat għal-lingwi li ġejjin:**

**(EL) il-Grieg, (EN) l-Ingliż, (ET) l-Estonjan, (FI) il-Finlandiż, (FR) il-Franċiż, (GA) l-Irlandiż, (HU) l-Ungeriż, (IT) it-Taljan**

Għal aktar informazzjoni kkonsulta l-websajt tal-EPSO http://eu-careers.eu

**NL:** Het Europees Bureau voor personeelsselectie (EPSO) organiseert het volgende algemeen vergelijkend onderzoek:

**EPSO/AST/117/11 — Assistenten (AST 1) voor secretariaatswerkzaamheden voor de volgende talen:**

**Grieks (EL), Engels (EN), Ests (ET), Fins (FI), Frans (FR), Iers (GA), Hongaars (HU), Italiaans (IT)**

Aanvullende informatie is beschikbaar op de website van EPSO: http://eu-careers.eu.

**PL:** Europejski Urząd Doboru Kadr (EPSO) ogłasza konkurs otwarty:

**EPSO/AST/117/11 — Asystenci/Asystentki (AST 1) — pracownicy sekretariatu, których głównym językiem jest język:**

**grecki (EL), angielski (EN), estoński (ET), fiński (FI), francuski (FR), irlandzki (GA), węgierski (HU), włoski (IT).**

Szczegółowe informacje można znaleźć na stronie internetowej EPSO http://eu-careers.eu.

**PT:** O Serviço Europeu de Selecção do Pessoal (EPSO) organiza o seguinte concurso geral:

**EPSO/AST/117/11 — Assistentes (AST 1) no domínio do secretariado e nas línguas seguintes:**

**(EL) grego, (EN) inglês, (ET) estónio, (FI) finlandês, (FR) francês, (GA) irlandês, (HU) húngaro e (IT) italiano**

Podem ser obtidas informações complementares no sítio do EPSO http://eu-careers.eu

**RO:** Oficiul European pentru Selecția Personalului (EPSO) organizează următorul concurs general:

**EPSO/AST/117/11 — Asistenți (AST 1) în domeniul secretariatului pentru limbile următoare:**

**greacă (EL), engleză (EN), estonă (ET), finlandeză (FI), franceză (FR), irlandeză (GA), maghiară (HU) și italiană (IT)**

Informații suplimentare pot fi obținute pe site-ul EPSO: http://eu-careers.eu.

**SK:** Európsky úrad pre výber pracovníkov (EPSO) organizuje verejné výberové konania:

**EPSO/AST/117/11 – Asistenti (AST 1) – pracovníci sekretariátu pre tieto jazyky:**

**gréčtina (EL), angličtina (EN), estónčina (ET), fínčina (FI), francúzština (FR), írčina (GA), maďarčina (HU) a taliančina (IT)**

Úplné informácie sú k dispozícii na webovej stránke úradu EPSO http://eu-careers.eu.

**SL:** Evropski urad za izbor osebja (EPSO) organizira javni natečaj:

**EPSO/AST/117/11 – Strokovno-tehnični uslužbenci (AST 1) za opravljanje tajniških nalog za naslednje jezike:**

**(EL) grški, (EN) angleški, (ET) estonski, (FI) finski, (FR) francoski, (GA) irski, (HU) madžarski in (IT) italijanski**

Dodatne informacije so na voljo na spletišču urada EPSO: http://eu-careers.eu.

**FI:** Euroopan unionin henkilöstövalintatoimisto (EPSO) järjestää avoimen kilpailun:

**EPSO/AST/117/11 — Sihteeritehtävissä toimivat hallintoavustajat (AST 1) seuraavissa kielissä:**

**(EL) kreikka, (EN) englanti, (ET) viro, (FI) suomi, (FR) ranska, (GA) iiri, (HU) unkari, (IT) italia**

Lisätietoja EPSOn verkkosivulla http://eu-careers.eu.

**SV:** Europeiska rekryteringsbyrån (Epso) anordnar följande allmänna uttagningsprov:

**EPSO/AST/117/11 – Assistenter (AST 1) inom sekretariatsområdet för följande språk:**

**(EL) grekiska, (EN) engelska, (ET) estniska, (FI) finska, (FR) franska, (GA) iriska, (HU) ungerska, (IT) italienska**

Närmare upplysningar finns på Epsos webbplats http://eu-careers.eu

# FÓGRA COMÓRTAIS OSCAILTE EPSO/AST/117/11

(2011/C 336 A/02)

***Ar mhaith leat a bheith ag obair inár n-institiúidí?***
***An bhfuil na cáilíochtaí a éilímid agat?***
***Cuir d'ainm isteach***
***Cuir an deis chun sochair duit féin***

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha chun painéal a chruthú óna n-earcófar cúntóirí (*).

**Cúntóirí (AST 1) i réimse na rúnaíochta**

**do na teangacha seo a leanas:**

**(EL) Gréigis, (EN) Béarla, (ET) Eastóinis, (FI) Fionlannais, (FR) Fraincis, (GA) Gaeilge, (HU) Ungáiris, (IT) Iodáilis**

Is é is aidhm don chomórtas seo painéil a chruthú chun folúntais i bpoist in institiúidí an Aontais Eorpaigh a líonadh.

***Roimh iarratas a dhéanamh, ní mór an treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 315 A an 28 Deireadh Fómhair 2011 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.***

***Is cuid dhílis den fhógra comórtais an treoir sin agus cuideoidh sí leat rialacha na nósanna imeachta agus na bealaí a gcuirtear iarratas isteach a thuiscint.***

CLÁR ÁBHAR

I. **CÚLRA**

II. **DUALGAIS**

III. **INCHÁILITHEACHT**

IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

V. **COMÓRTAS OSCAILTE**

VI. **PAINÉIL**

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

(*) Is ionann gach tagairt san fhógra seo don fhirinscne agus tagairt don dá inscne, fireann agus baineann.

## I. **CÚLRA**

| | |
|---|---|
| 1. **Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo de réir teanga** | **EL = 25**<br>**EN = 79**<br>**ET = 11**<br>**FI = 26**<br>**FR = 62**<br>**GA = 18**<br>**HU = 8**<br>**IT = 28** |
| 2. **Nótaí** | Ní féidir leat clárú ach d'aon réimse amháin teanga.<br>Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhú agus a dheimhniú ar líne.<br>**Tá an comórtas seo dírithe orthu siúd a bhfuil sáreolas acu, idir labhairt agus scríobh, ar theanga an chomórtais (leibhéal máthairtheanga nó leibhéal ar aon dul leis sin). Mura bhfuil an sáreolas sin agat, molaimid go láidir duit gan clárú mar iarrthóir.** |

## II. **DUALGAIS**

Tá daoine á lorg ag na hinstitiúidí Eorpacha chun tascanna a chomhlíonadh i réimse na rúnaíochta ina gcuid seirbhísí.

Is é príomhról an phoist ról mar chuntóir ag an mbainistíocht, mar rúnaí sainfheidhme, mar rúnaí ginearálta, mar fhostaí riaracháin, etc. B'fhéidir go mbeadh éagsúlacht ag baint leis na cúraimí sin, ar cúraimí riaracháin iad, de réir an phoist i gceist. De ghnáth feidhmíonn an rúnaí i ról neamhspleách tacaíochta do dhuine amháin nó níos mó, do sheirbhísí nó d'aonaid san institiúid. Bíonn ar an rúnaí cruth a chur ar fhaisnéis, í a chlaochlú agus a dháileadh.

Tá na tascanna ilchineálach agus áirítear na nithe seo a leanas orthu:

— cóiriú doiciméad,

— gníomhaíochtaí na seirbhísí a eagrú agus a chomhordú (cruinnithe, turais ghnó),

— bainistiú doiciméad a chinntiú (glacadh, próiseáil, faireachán agus rangú doiciméad agus comhfhreagras),

— ullmhúchán, láimhseáil, críochnú agus dearbhú na ndoiciméad (dréachtú, leagan amach leathanaigh, formáidiú, táblaí),

— faisnéis a thaighde, a bhailiú agus a scaipeadh (nuashonrú a dhéanamh ar bhunachair sonraí, ar chomhaid),

— maidir leis na seirbhísí aistriúcháin: glacadh, bainistiú agus próiseáil na n-iarratas aistriúcháin agus go háirithe próiseáil agus críochnú na ndoiciméad, agus go príomha cuidiú le húsáid bhogearraí aistriúcháin, cothú agus nuashonrú na gcuimhní aistriúcháin agus ina theannta sin, obair chlóscríbhneoireachta, leagan amach leathanaigh agus formáidiú.

*Tá sonraí maidir leis an bpróifíl ghinearálta atá á lorg ag na hinstitiúidí ar fáil i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.*

## III. **INCHÁILITHEACHT**

**Ar an dáta deiridh atá leagtha síos le haghaidh clárúcháin ar líne**, ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. **Coinníollacha ginearálta**
   (a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.
   (b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.
   (c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
   (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

2. **Coinníollacha sonracha**

| | |
|---|---|
| 2.1. | **Cáilíocht** |
| (a) | Oideachas tríú leibhéal ar bhain tú cáilíocht amach ag a dheireadh i réimse na rúnaíochta, mar aon le cruthúnas ar an gcáilíocht sin. |
| nó (b) | Oideachas leibhéil mheánscoile ar bhain tú cáilíocht amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar ardoideachas, mar aon le cruthúnas ar an gcáilíocht sin, agus taithí oibre nach lú ná trí bliana i réimse na rúnaíochta ag plé le cúraimí atá bainteach, tríd is tríd, leis na cúraimí rúnaíochta a bhfuil cur síos orthu i Roinn II. |
| 2.2. | **Eolas ar theangacha** |
| (a) Teanga 1 | **Príomhtheanga:**<br>sáreolas ar an teanga roghnaithe don chomórtas lena n-áirítear EL, EN, ET, FI, FR, GA, HU agus IT. |
| agus | |
| (b) Teanga 2 | **An dara teanga (ní foláir í a bheith éagsúil le teanga 1):**<br>eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis. |

## IV. TRIALACHA IONTRÁLA

| | | |
|---|---|---|
| 1. **Iarrfar ort trialacha a dhéanamh** | Tabharfar cuireadh duit chun na trialacha a dhéanamh más rud é gur dheimhnigh tú d'iarratas in am (féach Roinn VII).<br>**Tabhair faoi deara:**<br>(1) nuair a dheimhníonn tú d'iarratas, deimhníonn tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III;<br>(2) le páirt a ghlacadh sna trialacha, ní mór an dáta a chur in áirithe; tá sé **de riachtanas** é sin a bheith déanta roimh an spriocdháta a chuirfear in iúl duit trí do chuntas EPSO. | |
| 2. **Cineál agus marcáil na dtrialacha** | Sraith de thrialacha bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas: | |
| Triail (a) | Réasúnaíocht bhriathartha | Marcáil: 0–20 pointe<br>pasmharc: 10 bpointe |
| Triail (b) | Réasúnaíocht uimhriúil | Marcáil: 0–10 bpointe |
| Triail (c) | Réasúnaíocht theibí | Marcáil: 0–10 bpointe |
| | | 10 bpointe is ea an pasmharc d'iomlán thriail (b) agus thriail (c) |
| Triail (d) | Cumas gairmiúil:<br>cruinneas agus beachtas | Marcáil: 0–40 pointe |
| Triail (e) | Cumas gairmiúil:<br>tosaíochtaí a chur in ord agus eagrúchán | Marcáil: 0–40 pointe |
| | | 40 pointe is ea an pasmharc d'iomlán thriail (d) agus thriail (e) |
| Triail (f) | Inniúlachtaí gairmiúla i réimse na rúnaíochta | Marcáil: 0–40 pointe<br>pasmharc: 20 pointe |
| 3. **Teanga na dtrialacha** | Teanga 1 i gcás trialacha (a), (b) agus (c)<br>Teanga 2 i gcás trialacha (d), (e) agus (f) | |

## V. COMÓRTAS OSCAILTE

**1. Beidh tú san áireamh(*) sna trialacha measúnaithe**

— má tá do mharc ([1]) ar na marcanna is fearr ([2]) agus má tá an pasmharc gnóthaithe agat, **agus**

— má chomhlíonann tú, **i bhfianaise na ndearbhuithe a rinne tú agus tú ag clárú ar líne**, coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.

(*) Deimhneofar **an cead isteach** níos faide anonn faoi réir fhíorú na ndoiciméad tacaíochta a ghabhann le do chomhad. Déanfar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta agus a ghnóthaigh na marcanna is fearr sna trialacha measúnaithe a mheas, in ord íslitheach, go dtí go sroichfear líon na n-iarrthóirí buacha atáthar á lorg mar a fhógraítear san fhógra comórtais seo.

Ní scrúdófar doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin.

**2. Trialacha measúnaithe**

Tabharfar cuireadh duit páirt a ghlacadh sna trialacha measúnaithe, a rachaidh ar aghaidh ar feadh aon lae amháin, sa Bhruiséil de ghnáth.

Déanfar measúnú ar do chuid inniúlachtaí sonracha sa réimse i gceist ar na bealaí seo a leanas:

(a) triail phraiticiúil ([3]) ar do chumas ullmhúcháin agus/nó do chumas próiseála i leith doiciméad in MS Word/Excel;

(b) triail phraiticiúil chun d'inniúlachtaí sa scríobh a mheas (go háirithe litriú, comhréir agus gramadach).

Déanfar measúnú freisin ort maidir leis na hinniúlachtaí ginearálta seo a leanas:

— **Anailísiú agus réiteach fadhbanna**

— **Cumarsáid**

— **Cáilíocht agus torthaí**

— **Foghlaim agus forbairt**

— **Tosaíochtaí a chur in ord agus eagrúchán**

— **Buanseasmhacht**

— **Oibriú mar dhuine d'fhoireann**

Tá sainmhíniú ar na hinniúlachtaí sin i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.

Scrúdófar na hinniúlachtaí sin trí na heilimintí seo a leanas:

(c) bosca r-phoist isteach (cleachtadh tráidire isteach);

(d) agallamh struchtúrtha;

(e) breithiúnas suíomhúil.

**Scrúdófar na hinniúlachtaí ginearálta sin uile de réir an mhúnla seo a leanas:**

| | Bosca r-phoist isteach | Agallamh struchtúrtha | Breithiúnas suíomhúil |
|---|---|---|---|
| Anailísiú agus réiteach fadhbanna | x | | x |
| Cumarsáid | | x | |
| Cáilíocht agus torthaí | x | | x |
| Foghlaim agus forbairt | | x | |
| Tosaíochtaí a chur in ord agus eagrúchán | x | | x |
| Buanseasmhacht | | x | x |
| Oibriú mar dhuine d'fhoireann | | x | x |

**3. Teangacha na trialacha measúnaithe**

Teanga 1: trialacha (a) agus (b)
Teanga 2: trialacha (c), (d) agus (e)

---

([1]) Maidir leis an áit dheireanach, nó i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad chuig na trialacha measúnaithe.

([2]) Is ionann líon na n-iarrthóirí a gheobhaidh cuireadh chun na dtrialacha measúnaithe agus thart ar dhá oiread go leith an lín iarrthóirí a n-éireoidh leo agus a fhógraítear san fhógra comórtais seo agus foilseofar é sin ar shuíomh EPSO (www.eu-careers.eu).

([3]) Nuair a thabharfar cuireadh d'iarrthóirí teacht go dtí na trialacha measúnaithe, tabharfar mionsonraí dóibh faoi na méarchláir a chuirfear ar fáil. Is iad na méarchláir chaighdeánacha a bhíonn in úsáid ar mhargadh saothair na hEorpa a chuirfear ar fáil d'iarrthóirí.

| | |
|---|---|
| 4. **Marcáil** | **Inniúlachtaí sonracha**<br>Triail (a): 0–20 pointe<br>pasmharc: 12 phointe<br>Triail (b): 0-10 bpointe<br>pasmharc: 6 phointe<br>**Ualú: 30 % den mharc foriomlán**<br><br>**Inniúlachtaí ginearálta**<br>0 go 10 bpointe le haghaidh gach ceann de na hinniúlachtaí ginearálta<br>pasmharc:<br>3 phointe in aghaidh na hinniúlachta **agus**<br>35 pointe as 70 le haghaidh na 7 n-inniúlacht ghinearálta ar fad<br>**Ualú: 70 % den mharc foriomlán** |

## VI. **PAINÉIL**

| | |
|---|---|
| 1. **Ainmniúchán ar na painéil** ([4]) | Má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí ([5]) a bhfuil na marcanna is fearr faighte acu sna codanna ar fad de na trialacha measúnaithe (féach líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo; Roinn I.1) **agus má chomhlíonann tú, i bhfianaise na ndoiciméad tacaíochta**, na coinníollacha incháilitheachta ar fad, cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal. |
| 2. **Aicmiú** | Déanfar an liosta a tharraingt suas de réir teanga, de réir grúpaí tuillteanais (4 ghrúpa ar a mhéid) agus in ord aibítre laistigh de gach grúpa tuillteanais. |

## VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

| | |
|---|---|
| 1. **Clárúchán ar líne** | Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO.<br>**Spriocdháta: 12 a chlog (meán lae)**, am na Bruiséile, **an 20.12.2011** |
| 2. **Comhad an Iarratais** | **Ag céim níos déanaí** agus ar choinníoll gur duine de na hiarrthóirí tú ar tugadh cuireadh dóibh chuig na trialacha measúnaithe, beidh ort an comhad iarrthóra a bhaineann le d'iarratas a thabhairt leat chugainn ([6]) (an fhoirm iarratais leictreonach agus í sínithe, agus na doiciméid tacaíochta san áireamh).<br>**Sonraí praiticiúla**: féach pointe 6.1 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte. |

([4]) Tá tús curtha ag an gCoimisiún le caibidlíocht d'fhonn leasú a dhéanamh ar Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an leasú sin go háirithe ar ghairmeacha agus ar chineálacha poist oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais. Na hiarrthóirí a n-éireoidh leo sa chomórtas, d'fhéadfadh sé gur ar bhonn na bhforálacha nua reachtacha a gheobhaidís tairiscint poist ach na forálacha sin a bheith glactha ag an reachtóir agus gan dochar d'iarmhairtí eile de chineál dlí ná airgeadais.

([5]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad ar fad ar an bpainéal.

([6]) Cuirfear an spriocdháta in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.

**ATHBHREITHNIÚ AR IRISÍ OIFIGIÚLA C A "COMÓRTAS"**

Anseo thíos gheobhaidh tú liosta de na heagráin C A a foilsíodh le linn na bliana reatha.
Mura gcuirtear a mhalairt in iúl, foilsítear leagan den IO i ngach teanga.

| | |
|---|---|
| 19 | (PL) |
| 24 | |
| 35 | (DE/EN/FR) |
| 37 | (PL/RO) |
| 60 | |
| 68 | |
| 76 | (DE/EN/FR) |
| 82 | |
| 91 | |
| 98 | |
| 114 | (DA) |
| 121 | (DA) |
| 122 | |
| 135 | |
| 140 | (BG/ET/HU/MT/PL/SL/SV) |
| 142 | |
| 146 | |
| 147 | (EN/IT/MT/SV) |
| 155 | (EN/ES/ET/FR/NL/PL/PT/SK/SL/SV) |
| 156 | |
| 157 | |
| 162 | |
| 169 | (EN) |
| 177 | (DE/EN/FR) |
| 180 | (BG/RO) |
| 181 | (DA) |
| 183 | (SL) |
| 185 | |
| 193 | (BG/RO) |
| 198 | (CS/HU/LT/MT/PL/SK) |
| 206 | (CS/ES/LV/MT/SV) |
| 208 | (DE/EN/FR) |
| 221 | |
| 222 | (BG/RO) |
| 223 | |
| 229 | |
| 257 | |
| 258 | |
| 270 | |
| 271 | |
| 278 | (EN) |
| 279 | (FR) |
| 281 | (DA) |
| 284 | (DE) |
| 285 | (LT) |
| 286 | (NL) |
| 292 | (RO) |
| 294 | (DE/EN/FR) |
| 303 | (DE/EN/FR) |
| 304 | (DA/EN) |
| 307 | |
| 309 | (DE/EN/FR) |
| 312 | (DE/EN/FR) |
| 315 | |
| 321 | (EN/FR) |
| 324 | |
| 330 | (DE/EN/FR) |
| 334 | |
| 336 | (EL/EN/ET/FI/FR/GA/HU/IT) |

## COSTAS SÍNTIÚIS 2011 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

| | | |
|---|---|---|
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 100 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 1 200 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 770 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach) | 22 teanga oifigiúla de chuid an AE | EUR 400 sa bhliain |
| Forlíonadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain | Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE | EUR 300 sa bhliain |
| Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta | Teanga(cha) de réir comórtais(as) | EUR 50 sa bhliain |

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heágrain Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlíonadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat Iarscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi Iarscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

## Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

**Tairiscíonn EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: http://europa.eu**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA